2025/1464

18.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1464 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Iúil 2025

maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006 i ndáil le ceanglais ar leith maidir le meaisíní cistine a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1), pointe (a), de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú le hAirteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh leictreach a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, agus ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go gcomhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe den sórt sin.

(2) Le litir M/511 an 8 Samhain 2012, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) an liosta iomlán de theidil na gcaighdeán comhchuibhithe a sholáthar, agus na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, na caighdeáin den sórt sin a dhréachtú, a athbhreithniú agus a chur i gcrích chun tacú le Treoir 2014/35/AE ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata sin, dhréachtaigh CEN agus Cenelec caighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006, i ndáil le ceanglais ar leith maidir le meaisíní cistine, arna leasú le EN 60335-2-14:2006/A12:2016, EN 60335-2-14:2006/A11:2012, EN 60335-2-14:2006/A1:2008 agus arna cheartú le EN 60335-2-14:2006/AC:2007 agus EN 60335-2-14:2006/A11:2012/AC:2016. Foilsíodh an tagairt don chaighdeán go deireanach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i dTeachtaireacht 2016/C 173/06 ón gCoimisiún ([3]).

(4) An 15 Nollaig 2014, rinne an Ghearmáin agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006, arna leasú le EN 60335-2-14:2006/A12:2016, EN 60335-2-14:2006/A11:2012, EN 60335-2-14:2006/A1:2008 agus arna cheartú le EN 60335-2-14:2006/AC:2007 agus EN 60335-2-14:2006/A11:2012/AC:2016. Mhínigh an Ghearmáin nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe cuspóirí sábháilteachta phointí 1(d), 2(a) agus 2(c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/95/CE, toisc go leagtar síos leis an gcaighdeán forálacha neamhleora maidir le neamh-intadhalltacht lann gearrtha i gcumascóirí (cé is moite de chumascóirí láimhe) agus iad ag feidhmiú. D'áitigh an Ghearmáin nach bhfuil an tóireadóir tástála, a úsáidtear i gcomhréir leis an gcaighdeán chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht ar lanna gearrtha meascthóra, bunaithe ar thoisí chorp an duine ná ar shonraí antrapaiméadracha.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/35/oj).

([3]) Ceartúchán ar Theachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2006/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO C 173, 13.5.2016, lch. 162).

(5) An 26 Feabhra 2014, glacadh Treoir 2014/35/AE, lena n-aisghairtear Treoir 2006/95/CE ón 20 Aibreán 2016. Foilsíodh caighdeáin chomhchuibhithe den chéad uair faoi Threoir 2014/35/AE le Teachtaireacht 2016/C 249/03 ón gCoimisiún ([4]). Ní raibh tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006 sa teachtaireacht, agus dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh leis a thuilleadh go raibh comhréir ann le Treoir 2014/35/AE.

(6) An 12 Lúnasa 2021, chuir an Ghearmáin nuashonrú isteach ina dhiaidh sin maidir le hagóid fhoirmiúil an 15 Nollaig 2014 in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006, arna leasú go deireanach le EN 60335-2-14/A2:2021, ar nuashonrú é inar míníodh nár chomhlíon sé go hiomlán fós cuspóirí sábháilteachta phointí 1(c), 2(a), 2(c) agus 3(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/35/AE.

(7) Pléadh an agóid fhoirmiúil sa Choiste um Threalamh Leictreach ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Meitheamh 2024.

(8) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán EN 60335-2-14:2006 arna leasú agus arna cheartú, in éineacht le hionadaithe na mBallstát ón gCoiste um Threalamh Leictreach, tháinig sé ar an gconclúid nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe na cuspóirí sábháilteachta a leagtar síos i bpointí 1(c), 2(a), 2(c) agus 3(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/35/AE.

(9) Agus an méid thuas á chur san áireamh, an tagairt do chaighdeán EN 60335-2-14:2006 'Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-14: Ceanglais ar leith maidir le meaisíní cistine' arna leasú le EN 60335-2-14:2006/A12:2016, EN 60335-2-14:2006/A11:2012, EN 60335-2-14:2006/A1:2008 agus arna cheartú le EN 60335-2-14:2006/AC:2007 agus EN 60335-2-14:2006/A11:2012/AC:2016, níor cheart í a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cinneann an Coimisiún gan an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-14:2006 'Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-14: Ceanglais ar leith maidir le meaisíní cistine' arna leasú le EN 60335-2-14:2006/A12:2016, EN 60335-2-14:2006/A11:2012, EN 60335-2-14:2006/A1:2008 agus arna cheartú le EN 60335-2-14:2006/AC:2007 agus EN 60335-2-14:2006/A11:2012/AC:2016, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) *Commission Communication in the framework of the implementation of Directive 2014/35/EU of the European Parliament and of the Council on the harmonisation of the laws of the Member States relating to the making available on the market of electrical equipment designed for use within certain voltage limits* [Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais] (IO C 249, 8.7.2016, lch. 62).